**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000051/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Alexander Bernhuber**, **Milan Brglez**, **Martin Hojsík**, **Michèle Rivasi**, **Anja Hazekamp**
thar ceann an  Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Athbhreithniú ar thionscnamh um pailneoirí – beart nua le haghaidh pailneoirí

1. Conas a dhéanann an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh phleananna straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) le spriocanna thionscnamh pailneoirí an Aontais? Conas is féidir feabhas a chur ar phleananna straitéiseacha CBT chun spriocanna an tionscnaimh a bhaint amach? Conas a chuireann bearta CBT atá ann faoi láthair maidir leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú le pailneoirí a chosaint? I bhfianaise theorainneacha an phróisis údaraithe atá ann faoi láthair le haghaidh ceimiceán, amhail lotnaidicídí agus bithicídí, an bhfuil an Coimisiún toilteanach dul ar aghaidh le haistriú i dtreo measúnuithe iomlánaíocha riosca comhshaoil bunaithe ar chóras le haghaidh réimse níos leithne pailneoirí feithidí agus sainordú a thabhairt do ghníomhaireachtaí faoi seach chun na críche sin?

2. An leanfaidh an Coimisiún de na tionscnaimh seo a leanas a chur chun feidhme san fhadtéarma: téarnamh pailneoirí a neartú trí tháscairí agus trí fhaireachán; Insignia-EU; eolaíocht agus teicneolaíocht le haghaidh feithidí pailnitheacha; agus faireachán Eorpach ar bhithéagsúlacht i dtírdhreacha na talmhaíochta? Cad iad na bacainní ar tháscaire pailneoirí CBT atá feidhmiúil a sheoladh agus conas a thabharfar aghaidh orthu sin?

3. Conas a thacóidh an Coimisiún le fothú acmhainneachta (tacsanomaithe proifisiúnta agus eolaithe saoránach) chun bonn taca a chur faoi fhaireachán agus faoi thuairisciú sonraí ar phailneoirí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún feabhas a chur ar an rochtain ar dheontais oibriúcháin níos lú do dhaoine aonair agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha?

Curtha síos: 26.10.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 27.1.2024